# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2014

# EALAÍN

## Cumadóireacht Shamhlaíoch agus Ábhar Neamhbheo

### Gnáthleibhéal

Tá 100 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 25% de na marcanna iomlána ar an Ealaín

**Dé Luain, 28 Aibreán – Dé hAoine, 9 Bealtaine** **Maidin, 9:30 – 12:00**

Ba chóir an páipéar seo a thabhairt do na hiarrthóirí **Dé Mairt, 8 Aibreán**

## Treoracha

Tá cead agat oibriú le dath, monacróm, meáin mheasctha, colláis nó meán oiriúnach ar bith eile. Níl cead olaphéinteanna ná ábhar orgánach meatach a úsáid, áfach. Níl cead agat áiseanna mar stionsail, teimpléid, íomhánna rianaithe, obair ealaíne réamhullmhaithe ná íomhánna fótagrafaíochta a thabhairt isteach sa scrúdú.

Scríobh do Scrúduimhir go soiléir sa spás atá ann di ar do bhileog A2.
Scríobh an teideal 'Cumadóireacht Shamhlaíoch' nó 'Ábhar Neamhbheo' díreach faoi do Scrúduimhir.

Más mian leat oibriú ar bhileog dhaite, **ní mór don fheitheoir an bhileog sin a shíniú sula dtosaíonn an scrúdú** á dheimhniú nach bhfuil aon rud uirthi. Uasmhéid na bileoige: A2.

## Roghnaigh ceann amháin díobh seo a leanas:

**1.** Déan **Cumadóireacht Shamhlaíoch** bunaithe ar cheann **amháin** de na sleachta tuairisciúla: A, B, C, D nó E. Ba chóir duit an pointe tosaigh agus an bunús atá le do Chumadóireacht Shamhlaíoch a lua ar chúl na bileoige líníochta agus an bhaint atá acu leis an sliocht tuairisciúil atá roghnaithe agat a chur in iúl.

**2.** Déan **Cumadóireacht Ábhar Neamhbheo** bunaithe ar fhoireann nithe a bhfuil cur síos orthu i gceann **amháin** de na sleachta tuairisciúla A, B, C, D nó E, nó a mheabhraíonn na sleachta sin duit. Ní mór duit nithe ábhartha a thabhairt chuig ionad an scrúdaithe chun go mbeidh ar do chumas **do chumadóireacht ábhar neamhbheo féin** a leagan amach. **Ní mór é seo a dhéanamh in am do thús an scrúdaithe**. Ní mór duit an pointe tosaigh agus an bunús atá le do Chumadóireacht Ábhar Neamhbheo a lua ar chúl na bileoige líníochta agus an bhaint atá acu leis an sliocht tuairisciúil atá roghnaithe agat a chur in iúl.

**3.** Déan **Cumadóireacht Theibí** bunaithe ar cheann **amháin** de na sleachta tuairisciúla A, B, C, D nó E, agus a fhorbróidh tú ó cheann de na sleachta tuairisciúla sin. Ba chóir an pointe tosaigh agus an bunús atá leis an gcumadóireacht theibí a lua ar chúl na bileoige líníochta agus an bhaint atá acu leis an sliocht tuairisciúil atá roghnaithe agat a chur in iúl. Luaigh go soiléir cé acu 1 – Cumadóireacht Shamhlaíoch nó 2 – Ábhar Neamhbheo, atá i do Chumadóireacht Theibí.

# Sleachta Tuairisciúla

**Sliocht A**

Thug Mamó agus Daideo na holaphéinteanna dom faoi choinne na Nollag. Agus scuaba, tuirpintín agus ola rois, agus deich gcanbhás a bhí ullmhaithe go speisialta. Rinne Daideo tacas dom fiú amháin, clár adhmaid greamaithe le tacóidí de chúl seanchathaoireach. Rinne Mamó ceann de sheanléinte Dhaideo a fhuáil ina forléine speisialta phéinteála agus ghearr sí seanléine a bhí níos sine fós, ina cearnóga le ceirteacha péinteála a dhéanamh. Is é sin an bronntanas is saothraithe a thug siad riamh dom. Dialann, leabhar gearrthóg, albam grianghraf nó leabhair a thugann siad dom de ghnáth, nó rud éigin mar pheann tobair nó uaireadóir rosta. Agus an t-imleabhar nua de dhialann mo mháthar, ach amháin nach bhfuil ceann ann i mbliana. Stop sí de bheith á scríobh nuair a bhí sí san aois ina bhfuil mé féin anois. Chaith sí an t-am saor uile a bhí aici ag péinteáil. Olaphéinteanna a fuair sí mar bhronntanas dá cúigiú Nollaig déag. Chroch sí a cuid phictiúr go léir léi nuair a pósadh í. Ach go bé sin, creidim go dtabharfaí a feadáin de phéint thriomaithe, a scuaba dingthe, a ceirteacha péinteála fáiscthe suas, a seanphailéid agus a forléine dom.

Ba phortráid í an chéad olaphictiúr ceart a rinne sí. Tá sé crochta os cionn an tinteáin sa seomra suí. Is geall le scáthán é ag frithchaitheamh an ama atá thart. Tá Daideo agus Mamó ina suí ar an tolg atá péinteáilte go cúramach, an tolg leathair céanna, é gágach gruama, ach tá aibhsiú nó dhó déanta aici chun loinnir an leathair nuair a bhí sé nua a léiriú. Tá Daideo ag machnamh ar an gcrosfhocal sa nuachtán, a bheola teann amhail is dá mbeadh sé ag blasachtach ar gach uile fhocal. Breathnaíonn sé lom gan a spéaclaí. Agus tá dealramh cailín óig ar Mhamó ar an gceann eile den tolg. Tá sí ag cniotáil, ar ndóigh, ach tá a cloigeann crochta go treallúsach aici agus tá meangadh geal béaldatha ar a beola.

Arna chóiriú as *The Power of the Shade* le Jacqueline Wilson, 1987.

## Sliocht B

Bhí an-tóir ag mo mháthair ar an dath glas. Chuir sí cairpéid den dath sin sna seomraí, chumhdaigh sí troscán leis agus chuir sí a vardrús le chéile as imireacha uile an datha: Ó Ceallaigh agus huntar, glas na piostáise, glasbhuí na n-ológ, glas an chaonaigh agus an mhiortail. Chaith sí gúna ar ghlas na smaragaide ar bainis mo dheirféar. Cheap mé ag an am sin gur ag iarraidh é a mheaitseáil lena súile a bhí sí. Le déanaí a thuig mé go raibh rud éigin níos mó agus níos doimhne i gceist.

Thug mé cuairt ar Éirinn sa deireadh thiar thall, a dtuigeann tú. "Sa deireadh thiar thall," a deirim mar ba chóir dom dul ann i bhfad ó shin in ómós do mo mháthair agus chun aitheantas a thabhairt don Éireannachas ina cúlra, ina cuid fola agus i mo chuid fola féin. Ach cailleadh an chuid sin dár n-oidhreacht nuair a phós sí Iodálach agus nuair a slogadh isteach ina chlann Iodálach í, clann a bhí ar maos go hiomlán ina heitneachas, agus a bhí chomh teaspúil ina thaobh, nach raibh seans ar bith ag aon oidhreacht eile. D'fhoghlaim sí conas raiviólaí agus frittata a dhéanamh chomh maith leis an duine ab fhearr díobh.

I lár Mheán Fómhair a chuaigh mé ann agus thaistealaíomar a oiread den tír agus ab fhéidir linn i gcaitheamh seachtaine. Ar an dara lá a rith sé liom gurbh iad na himireacha den ghlas a mhaisigh laethanta Mhamaí na himireacha den ghlas a mhaisíonn Éire. Léann tú fúthu sula dtagann tú, faoina ndoimhneacht, a ngléine agus faoin éagsúlacht acu atá ann ach ní féidir cur síos i leabhar ar an dóigh a mbeidh an dath atá ar thaobh an chnoic atá os do choinne, agus atá breac le caoirigh, difriúil ar fad le taobh an chnoic atá taobh thiar díot agus é breac le ba. Nó ní féidir cur síos i leabhar ar an athrú tobann a thagann ar na dathanna nuair a thagann scamall an bealach nó nuair a thosaíonn an bháisteach ag titim, agus cuireann sé báisteach a ceathair nó a cúig d'uaireanta gach lá, rud a chuirfeadh fearg ort murach gurb í an bháisteach chéanna is cúis leis an mbreacachan iathghlas seo.

Ar an tríú lá, thugamar ár n-aghaidh ar maidin ar Sceilg Mhichíl, oileán beag carraigeach, atá beagnach ceartingearach, thart ar ocht míle amach ón gcladach. Tá iarsmaí de mhainistir ón séú nó

ón seachtú haois gar dá mhullach. Tá sé ar cheann de na dúcheisteanna sin a bhaineann le huaillmhian an duine, conas, agus cén fáth, ar thóg daoine in áit chomh doicheallach sin? Agus ní féidir é a bhaint amach ach amháin ar thrálaeir gharbha na n-iascairí, a bhrúnn isteach dosaen turasóirí an ceann orthu agus nach ndéanann an turas ach amháin ar laethanta nuair nach mbíonn an fharraige róshuaite.

D'fhan captaen an trálaeir a rabhamar-na air go dtí uair roimh am imeachta le cinneadh go dtiocfadh linn dul ann agus tharraingíomar amach go mall ón tsráidbhaile iascaireachta –éadain na siopaí ann dearg, gorm agus buí – agus ghluaiseamar linn thart ar shleasa sléibhe a raibh ba ag innilt orthu ar fhéarach a bhí chomh crochta sin, agus titim chomh tobann sin síos uathu go dtí an bá, go raibh mé ag feitheamh le maidhm bó. De réir mar a ghluaiseamar amach ar an bhfarraige mhór, d'éirigh na tonnta chomh hard sin ar gach taobh den bhád nach raibh le feiceáil againn ach ballaí cuara bagracha d'uisce sna loig idir na barra.

"Níl sé seo sábháilte," arsa Tom agus a imir féin den ghlas ag spré ar a aghaidh. Lig mé orm nár chuala mé é, bhog mé cúpla orlach breise uaidh agus thaispeáin mé deilf dó le taobh an trálaeir, le súil is go dtarraingeodh sí a airde ón rud a bhí ag goilliúint air.

Thart ar uair an chloig i ndiaidh dúinn imeacht, chonaiceamar roinnt rónta agus cúpla míle éan bán farraige. Ansin dhruideamar isteach le Sceilg Mhichíl í féin, agus ní dhearnamar ach seoladh thart timpeall ar an oileán, sinn ag déanamh iontais dá thopagrafaíocht mhearbhlach de spící agus de ghuairneáin. Is é sin le rá go ndearna cuid againn iontas de, fad a chuir an chuid eile, Tom ina measc, a gcloigne idir a nglúine, agus a d'fhan mar sin i rith an turais shuaite bhrúidiúil ar ais.

Arna chóiriú as *To Ireland, A Son's Journey Home* le Frank Bruni, le caoinchead The New York Times, Deireadh Fómhair 2012.

## Sliocht C

Téim síos an tsráid agus mé ag tiontú na dtroitheán go tapa. Tá na tithe ar snámh i linnte de sholas flannbhuí na sráide agus tá daoine ina suí ar vearandaí, iad ag dréim le leoithne ghaoithe faoi spéir a bhfuil an dath inti ag tréigean agus ag éirí dubh. Tá súil as agam go mbeidh mé in am, go mbuailfidh mé le Scáth, an fear a bhíonn ag péinteáil sa dorchadas. Péinteálann sé éin teanntaithe ar bhallaí brící agus daoine caillte i bhforaoisí taibhsiúla, fíoracha agus féar ag fás as a gcroí agus cailíní le lomairí dordánacha faiche.

Ag barr Shráid Singer feicim an chathair, neonghorm agus ag éirí romham. Tá tintreach go domhain sa spéir, agus í ag oibriú a bealaigh tríd an teas go dtí an dromchla. Tá gáire le cluinstin in áit éigin i bhfad ar shiúl. Sin thall ceann de phíosaí Scátha, ar bhrúisc de bhalla, pictiúr de chroí á scoilteadh ag crith talún agus na focail 'As Raon an Scála Richter' scríofa faoina bhun. Ní croí é atá cosúil leis na croíthe a fheiceann tú ar chárta Lá San Vailintín. Is é an croí féin é: na féitheacha caola, na haitriamaí agus na hartairí.

Bainim mo lámha de na coscáin agus scaoilim liom. Cumasctar na crainn agus na claíocha ina chéile, d'fhéadfadh an choincréit a bheith ina spéir agus an spéir ina coincréit agus bhí na monarchana spréite amach os mo chomhair mar a bheadh brionglóid a bheadh breac le soilse.

Casaim an coirnéal agus scinnim síos sráid Al. Gluaisim i dtreo a stiúideo, i dtreo an té atá suite ar na céimeanna, leamhain bheaga os a chionn, ag spraoi sa solas.

Arna chóiriú as *Graffiti Moon* le Cath Crowley, Knopf Books for Young Readers, rannóg de Random House Inc. 2012.

## Sliocht D

Chuir mé chun oibre faoi dheifir tar éis tamaill. Bhí mé ag obair óna a seacht ar maidin go dtí ceathrú i ndiaidh a naoi san oíche, cé is moite de thart ar uair an chloig; ag ní gréithe a bhí mé ar dtús, ansin ag sciúradh na dtáblaí agus na n-urlár i seomra bia na bhfostaithe, ansin ag snasú gloiní agus sceana, ansin ag dul faoi choinne béilí, ansin ag ní gréithe arís, ansin ag dul faoi choinne tuilleadh béilí agus ag ní tuilleadh gréithe. Obair éasca a bhí ann, agus d'éirigh sin go maith liom ach amháin nuair a chuaigh mé go dtí an chistin faoi choinne béilí. Ní raibh an chistin cosúil le rud ar bith a chonaic ná a shamhlaigh mé cheana. Siléar plúchtach ifreanda faoi shíleáil íseal a bhí ann, é beodhearg le solas na dtinte, ina ghleadhradh bodhraitheach idir na mionnaí móra agus clagarnach na bpotaí agus na bhfriochtán. Bhí sé chomh te sin gurbh éigean an obair mhiotail ar fad, cé is moite de na soirn, a chlúdach le héadach. Bhí foirnéisí istigh sa lár, áit a raibh dhá chócaire dhéag ag scipeáil anonn is anall, allas ar sileadh dá n-aghaidheanna d'ainneoin a gcaipíní bána. Bhí cuntair thart air sin agus freastalaithe ardghlóracha ag plódú isteach le tráidirí. Ba dhóigh leat orthu go raibh fuadar faoi gach duine acu agus fearg orthu. An príomhchócaire, fear breá luisniúil a raibh croiméal air, bhí sé ina sheasamh i lár an urláir, é seasta ag búireach ach amháin nuair a stop sé lena mhallacht a chur ar fhreastalaí. Trí chuntar a bhí ann agus an chéad uair a chuaigh mé isteach sa chistin thug mé mo thráidire go dtí an ceann contráilte gan fhios dom féin. Shiúil an príomhchócaire go dtí mé, chuir casadh ina chroiméal, agus d'amharc orm ó bhonn go baithis. Ansin sméid sé ar chócaire na mbricfeastaí agus shín a mhéar i mo threo.

Ní chuimhin liom ár ndualgais uile, ach ina measc bhí tae, caife agus seacláid a dhéanamh, dul faoi choinne béilí sa chistin, agus faoi choinne fíonta sa siléar nó torthaí agus mar sin de sa seomra bia, arán a shliseadh, tósta a dhéanamh, cnapáin ime a rolladh, subh a thomhas amach, cannaí bainne a oscailt, cnapanna siúcra a chuntas, uibheacha a bheiriú, leite a chócaireacht, oighear a thuargaint agus caife a mheilt. É sin go léir faoi choinne idir céad agus dhá chéad custaiméir. Gan trácht ar na héadromóga seacláide, ar na cístíní cupa, na muifíní, na croissants agus na taoschnónna faoi choinne an bhricfeasta, an lóin agus an tae. Bhí an chistin tríocha slat ar shiúl, an seomra bia seasca nó seachtó slat. B'obair chasta í, gach rud san áireamh.

Arna chóiriú as *Down and out in Paris and London*, le George Orwell, Mariner Books, 1972.

## Sliocht E

Cheap mé i dtólamh gur ar dhaoine eile a bhíodh clú agus cáil. Nuair a bhí mé beag, níor theastaigh uaim aon rud a dhéanamh ach a bheith i mo bhanaltra. Ach ina áit sin, chuir mé banna le chéile.

Sílim, má tá rud ar bith foghlamtha agam, gurb é gur iomaí cor greannmhar a chuireann an saol de nuair nach mbíonn tú ag faire. Bhí sé ag cur báistí, agus sílim go raibh rang dúbailte saor ag Jane agus Tara agus agam féin, nó b'fhéidir gur ag seachaint an rang Fraincise a bhíomar cionn is nach raibh an obair bhaile déanta ag Jane. Ar aon chuma, bhíomar ag guairdeall thart i seomra an cheoil cionn is go raibh teas ann agus cionn is go raibh radharc iontach againn ar chúl an choláiste ealaíne a bhí os ár gcoinne. Tá a fhios agam gur mise a bheartaigh ar bhanna a chur le chéile. Ach bhíomar i dtólamh ag cuimhneamh ar scéimeanna áiféiseacha mar sin chun meas a tharraingt orainn féin. Ní meas a bhí i gceist fiú amháin; chun go dtabharfadh duine éigin *faoi deara* sinn. Ba chuma cén duine.

Bhí giotár agam cheana féin. Ba bhronntanas é. D'impigh mé agus chuaigh mé chun stuaice á lorg agus ansin chaith mé uaim i dtraipisí go beo é nuair a thug mé faoi deara go scriosfadh an plancadh m'ingne. Tharraing mé amach as faoi mo leaba é, ghearr mé m'ingne síos go bun agus d'oibrigh mé amach cén áit leis na méara a chur ar chlár na stiallóg go dtí go dtiocfadh liom trí chorda a sheinm. Fuair Jane dordghiotár a dearthár ar iasacht agus mháistrigh sí dordlíne amháin. Cheapamar go ndéanfadh sin cúis. Ansin chuireamar ina luí ar Tara an t-airgead a shaothraigh sí mar fheighlí leanaí a chaitheamh ar fhoireann simplí drumaí.

Bhí feistis gáifeacha déanta ag Jane dúinn as ábhar saor a bhí ar dhath an airgid. An lá roimh an gcéad ghig oifigiúil a bhí againn, thathantaigh Jane orm dath dearg a chur i mo chuid gruaige agus rud éigin níos feiceálaí ná bríste géine a chaitheamh, ach níor thug mé aon aird uirthi. Tháinig Jane chun an tí chugam, tuarthóir i bpaicéad aici agus roinnt ruaim ghruaige, *Manic Panic* agus dath *Very Cherry* air. Tharraing sí isteach sa seomra folctha mé agus shac sí cathaoir faoi mhurlán an dorais. D'fhéach mé sa scáthán agus chonaic go raibh mo chuid gruaige chomh dearg le hinneall dóiteáin. Go drogallach a d'fhág mé an seomra folctha gur bheannaigh mo thuismitheoirí dom. Bhí an oiread sin áthais orthu go raibh mé ag léiriú iarracht éigin de reibiliún normálta na ndéaga sa deireadh gur imigh Daid agus go bhfuair sé a cheamara digiteach áiféiseach chun an ócáid a thaifeadadh le haghaidh shliocht ár sleachta. Agus nuair a d'inis Jane dóibh go rabhamar i mbanna (ní insím mionsonraí mo shaoil do mo thuismitheoirí ach amháin nuair is gá an t-eolas a bheith acu), tháinig ceo ar a gcuid súl agus thosaigh siad ag cuimhneamh siar ar mhí na meala acu agus mar a chaith siad ag féile cheoil í.

Níor tháinig sceimhle orm go dtí go rabhamar sa seomra gléasta, díreach sula ndeachamar amach ar an stáitse. Ach chomh luath agus a bhí mé ar an stáitse, bhí sé ródhéanach a bheith scanraithe. Mhothaigh mé ar mo chompord agus slán, leis an bhfírinne a rá, faoi lonradh teolaí na spotsoilse, agus ní hamhlaidh a bhí mé ábalta aghaidh aon daoine a fheiceáil. Ba chosúil é le bheith ar ais i mo sheomra leapa ach go raibh an soilsiú i bhfad ní b'fhearr. Agus, chomh maith leis sin, bhí bualadh bos ann agus gártha spreagúla, agus den chéad uair i mo shaol d'airigh mé gur bhain mé le háit éigin.

Arna chóiriú as *Guitar Girl* le Sarra Manning, Dutton Juvenile, 2005.

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2014**

# EALAÍN

Dearadh

Gnáthleibhéal

Tá 100 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 25% de na marcanna iomlána ar an Ealaín.

**Dé Luain, 28 Aibreán – Dé hAoine, 9 Bealtaine        Maidin, 9:30 – 12:00**

Ba chóir an páipéar seo a thabhairt do na hiarrthóirí **Dé Máirt, 8 Aibreán**

**Treoracha**

Tá cead agat do bhileog A2 de sceitsí ullmhúcháin (**bileog amháin**) a thabhairt isteach sa scrúdú mar chúnamh duit i bpróiseas forbartha do dhearaidh. Ní mór do do mhúinteoir ealaíne nó don phríomhoide an bhileog seo a shíniú agus dáta a chur léi **sula dtosaíonn** an scrúdú á dheimhniú gurb é do chuid oibre féin gan chúnamh atá ann.

Tá cead agat cibé meáin agus uirlisí ealaíne atá oiriúnach a úsáid chun riachtanais an scrúdaithe a chomhlíonadh, e.g. pinn luaidhe, péint, páipéir dhaite, cárta, ábhair do cholláis nó do mheáin mheasctha, rialóir, T-bhacart, scian, siosúr, gliú, etc.

**Níl cead agat** obair ealaíne réamhullmhaithe ná obair ealaíne atá réidh le húsáid a thabhairt isteach sa scrúdú d'fhonn iad a chóipeáil nó a úsáid i do mholadh dearaidh deireanach.

Ní cheadaítear ábhair mheatacha orgánacha a úsáid.

Scríobh do scrúduimhir agus an leibhéal ar gach bileog.

Scríobh uimhir na ceiste atá roghnaithe agat agus an teideal a ghabhann léi ar gach bileog.

**Céim 1: Bileog de Sceitsí Ullmhúcháin (TAIGHDE)**

Ní mór an bhileog A2 de sceitsí ullmhúcháin a dhéanamh roimh an scrúdú agus ba chóir do chuid **taighde** a bheith ann. Is é is cóir a bheith i do Bhileog de Sceitsí Ullmhúcháin ná rogha de léirthuiscintí pearsanta agus de smaointe a ndearna tú taighde orthu a bhaineann leis an gceist a roghnaigh tú. Is féidir líníochtaí, staidéir dhatha, agus cineálacha eile de thaighde amhairc a chur san áireamh. Tá cead agat nótaí a chur le do chuid oibre. Ná bíodh do chuid oibre ach ar thaobh amháin den bhileog A2 de Sceitsí Ullmhúcháin. Má úsáideann tú colláis, íomhánna a gearradh amach nó fótagraif, ní mór gach saghas oibre dá leithéid **a ghreamú go cothrom** de do bhileog A2 de Sceitsí Ullmhúcháin.

**Céim 2: Bileog Réamhsceitsí (FORBAIRT)** **(20 marc)**

Sa scrúdú, ba chóir duit do bhileog A2 de réamhsceitsí a dhéanamh ar dtús. Bileog **fhorbartha** atá anseo inar chóir na smaointe atá agat ar do Bhileog de Sceitsí Ullmhúcháin **a iniúchadh**. Ba chóir go mbreithneofá gach gné den dearadh 2T nó 3T de réir mar a oireann siad don cheist atá roghnaithe agat agus fianaise a bheith ann ar fhorbairt shuntasach bhreise ar na smaointe seo. Tá cead agat sceitsí a bhfuil nótaí leo a úsáid chun forbairt do chuid smaointe a léiriú. **Ní mór duit do chuid oibre a dhéanamh go glan díreach ar an mbileog A2 agus gan ach sceitsí amháin a úsáid**, iad daite más mian leat. Níor chóir an obair a chuirtear i láthair ar do Bhileog Réamhsceitsí a chóipeáil díreach ón mBileog de Sceitsí Ullmhúcháin. Ná bíodh do chuid oibre ach ar thaobh amháin den bhileog A2.

**Céim 3: An Moladh Dearaidh Deireanach** **(80 marc)**

Is le linn an scrúdaithe a dhéantar do Mholadh Dearaidh Deireanach a chur ar fáil. Ba chóir duit eolas ar bith a mheasann tú a bheith riachtanach chun do Mholadh Dearaidh Deireanach a chur in iúl, a chur san áireamh agus tagairt ar leith a dhéanamh do ghnéithe amhairc, feidhmiúla agus ábhartha na ceardaíochta a roghnaigh tú, seachas d'aird a dhíriú go hiomlán ar shaothar ealaíne a chur ar fáil a bhfuil bailchríoch den scoth air.

***Ag deireadh an scrúdaithe tabharfar clúdach bán duit a mbeidh ort iad seo a leanas a chur ann:***

- do bhileog A2 de **Sceitsí Ullmhúcháin**
- do bhileog A2 de **Réamhsceitsí**
- do **Mholadh Dearaidh Deireanach.**

# Sleachta Tuairisciúla

**Sliocht A**

Ceiliúradh deiridh an tsamhraidh, an deichiú cóisir lá breithe, cóisir sheanbhunaithe, slua ollmhór, deireadh seachtaine eagnaíochta, deis ragairne, d'fhreastail an Electric Picnic orthu ar fad.

Tá an slua athraithe ó cuireadh tús leis an bhféile. Bhí seanfhondúirí ann a bhí ag baint buntáiste as tairiscintí ar thicéid níos saoire, ag brath ar cá mhéad bliain a bhí siad ag freastal ar an bhféile, chomh maith le slua óg úrnua. Ní raibh an oiread sin ar siúl oíche Dé hAoine agus ní raibh oscailte ach an príomhardán. Nuair a baineadh na glais de na pubaill Dé Sathairn, tháinig na mílte duine ina rabharta isteach sa phríomhairéine.

Seo liom ag spaisteoireacht i dtreo Shráidbhaile na Ceardaíochta Glaise, chun éalú ón bhfuadar agus ón bhfothram ag an Electric Picnic agus ó na fir óga a bhí ag glaoch i mo dhiaidh mar gheall ar m'fhéasóg ('Féachaigí, sin é mo dhuine ón Hangover!'). Seo an áit a bhfuil gaibhne agus saoir adhmaid agus lucht déanta seodra ag déanamh rudaí lena gcuid lámha. 'Nár chuala an dream seo riamh faoi Ikea?' an chéad smaoineamh a rith liom, ach ba ghearr go raibh mé faoi dhraíocht ag a gcuid bealaí seanaimseartha. Ba é an rud ba mhó ar bhain mé taitneamh as i Sráidbhaile na Ceardaíochta Glaise ná a bheith i mo sheasamh ar na sliseanna adhmaid timpeall ar Terence Mc Sweeney, fear sna 20idí as Port Láirge, a chaitheann an deireadh seachtaine ag múnlú babhlaí adhmaid le deil chleithe. Is gléas mór atá ann, déanta as géaga fuinseoige agus ulóga rópa agus cuid den obair a bhíonn le déanamh aige ná a bheith go seasta ag pumpáil na coise clé aige ar throitheán. D'fhéadfainn an lá ar fad a chaitheamh ag féachaint air ag déanamh babhlaí as lomáin. Ach bheadh sé aisteach gan rud ar bith a dhéanamh ach stánadh air, agus mar sin chuaigh mé i mbun comhrá leis.

Uair dá raibh, is mar seo a rinneadh gach babhla adhmaid. 'Suas go dtí an réabhlóid thionsclaíochta i ndáiríre, nuair a rinne siad deileanna a d'oibrigh le cumhacht ghaile agus uisce,' arsa Mc Sweeney. 'Bhíodh na Lochlannaigh ag déanamh cuid mhór de seo san áit arb as mise.' Cad a thaitníonn leis faoi? 'An chaoi a dtosaíonn tú le lomán, píosa de chrann, agus taobh istigh d'uair an chloig, idir é a ghearradh le tua, é a chasadh agus a bhaint den deil, tá rud agat ar féidir leat do dhinnéar a ithe as. Tá sé iontach ar fad. Is deas a bheith ag ithe as adhmad. Tá uigeacht i bhfad níos deise aige ná mar atá ag earraí ceirmeacha. Sa tseanaimsir d'itheadh gach duine as adhmad, idir dhaoine bochta agus ríthe, ach má théann tú chuig músaem ní fheicfidh tú babhlaí adhmaid ar taispeáint.'

Tá gach duine ag tabhairt aire agus dea-aoibh orthu. Tá blúirí ceoil ag déanamh a mbealaigh isteach agus ag meabhrú dúinn gur féile cheoil atá anseo. Sa Ghailearaí Eolaíochta béal dorais tá daoine óga agus cótaí saotharlainne agus gloiní cosanta orthu, agus brístí gearra nach raibh ach an ceathrú cuid den ghnáthfhad iontu. Meallann an ghlóthach shuimiúil agus na hiarainn sádrála atá acu na páistí.

Tá an focal béil ann. Tá an amharclannaíocht ann. Tá taispeántais chócaireachta ann. Seo an chuid is tábhachtaí den Electric Picnic dar le mórán daoine.

Athchóirithe ó shraith léirmheasanna ar an Electric Picnic in *The Irish Times* le Patrick Freyne, 2013.

**Sliocht B**

Croitheann na hiascairí lámh orainn agus muid ag dul thar bráid, ag leanúint na habhann ar shiúl ó Dhroichead na Sionainne agus ó thúr an stáisiúin chumhachta agus gan aon tuiscint againn go bhfuilimid á fheiceáil den uair dheiridh. Ritheann an tSuca ón iarthar isteach sa tSionainn anseo agus téimid thairsti agus muid ag teacht timpeall ar chasadh san abhainn a thugann soir ó dheas muid i dtreo Bheannchair, ár gceann scríbe. Bhíodh an chanáil, a osclaíodh anseo in 1828, ceangailte le droichead adhmaid thar an tSionainn do chapaill tarraic, de líne na canála a bhí ag dul go Baile Átha Cliath. Cuireadh bád farantóireachta, a bhíodh á oibriú le cáblaí, in áit an droichid seo sna 1840idí ach nuair a tháinig an bóthar iarainn in 1851, chuaigh an chanáil i léig de réir a chéile go dtí gur dúnadh faoi dheireadh í i 1961. Tá gnéithe áirithe de ann fós, dhá loc agus tithe do choimeádaithe loic, ceithre dhroichead, ceithre fhoirgneamh a bhain leis an gcanáil agus ceithre cinn de na seacht gcinn d'uiscerianta a bhí ann ó thús.

Ar aghaidh linn i dtreo Bheannchair agus muid ag dul faoin mbóthar iarainn tionsclaíoch thar an abhainn ón iarthar go dtí an stáisiún cumhachta. Tá gabhal san abhainn amach romhainn, ach fanaimid ar chlé agus muid ag leanúint na gcomharthaí loingseoireachta. Táimid ag dul thar sráidbhaile beag bídeach Chluain Fearta i gContae na Gaillimhe, áit a bhfuil Ardeaglais Naomh Breandán. Bhunaigh Naomh Breandán Loingseoir mainistir anseo sa séú haois ach níl aon rian den séipéal sin ann anois. Ní haon ionadh é sin mar gur scrios tine an mhainistir in AD 744, i 748 agus arís i 749. Ansin d'ionsaigh Lochlannaigh í ar cheithre ócáid faoi leith sa naoú haois agus dódh go talamh í mar thoradh ar cheann de na hionsaithe sin. Níl san ardeaglais atá ansin inniu ach an ceann is déanaí de shraith foirgneamh eaglasta ar an suíomh sin ó aimsir na Luath-Chríostaíochta. Is é an doras thiar an ghné is sine a tháinig slán. Is é an sampla is mó agus is ilchasta in Éirinn é de dhoras Rómhánúil.

Leanaimid orainn síos an abhainn, ag dul thar pháirceanna glasa ar thaobh amháin agus thar mhachaire donn ar an taobh eile, áit a bhfuil an mhóin á baint, don stáisiún cumhachta ag Droichead na Sionainne is dócha. Agus muid ag druidim leis an gceantar timpeall ar Chaladh na Sionainne, téimid thar an gcéad oileán de shraith oileán a sníonn an abhainn thart orthu idir seo agus Beannchar – Oileán Ash, an Leithinse, Inse na Sceach, Maínis, Oileán an Bhulláin, Oileán Grant agus Oileán na nÉan. Díreach i ndiaidh Inse na Sceach scoilteann an cainéal ar chlé, suas i dtreo Chaladh na Sionainne. Seo an áit a gcríochnaíonn an Chanáil Mhór agus an áit a dtosaíonn mórán bádóirí a dturas ar an tSionainn. Buaileann an Bhrosnach leis an tSionainn anseo freisin, díreach ó dheas den 36ú loc. Tá cáil ar an áit seo mar gurb é an loc deiridh é ar an gCanáil Mhór sula sroicheann tú abhainn na Sionainne.

Tá an abhainn mar a bheadh gloine ann agus muid ag déanamh ar an gcasadh do Chaladh na Sionainne, gan ach sruth stiúrach an bháid ag suaitheadh dhromchla an uisce. Sciurdann péire d'Ealaí Balbha agus a n-éin óga chlúmhacha isteach sa ghiolcach agus muid ag dul thar bráid. Chuamar thar na dosaenacha de na teaghlaigh bheaga seo ar ár dturas as Droichead na Sionainne.

Athchóirithe as *The River Shannon – A Journey Down Ireland's Longest River* le Aiveen Cooper, Collins Press, 2011.

**Sliocht C**

D'eitil siad leo trasna machairí leathana agus trí fhoraoisí doimhne. Le linn dóibh a bheith ag trasnú Shléibhte na Himiléithe, dúirt an Ghaoth Anoir "Is gearr go sroichfimid Gairdín an Domhain". Bhí an prionsa ábalta boladh spíosraí agus pomagránaití a fháil an uair sin agus chonaic sé fíniúna sna páirceanna. Scinn siad anuas i dtreo na talún agus thuirling siad ar fhéar bog i measc bláthanna geala a raibh a gcinn á luascadh acu. "An é seo Gairdín an Domhain?" a d'fhiafraigh an prionsa. "Ní hé go fóill," a d'fhreagair an Ghaoth Anoir. "An bhfeiceann tú an phluais sin thall, atá leathfholaithe ag fíniúna atá ar crochadh os a comhair? Sin an bealach isteach. Cas do chlóca timpeall ort féin mar beidh sé chomh fuar leis an leac oighir taobh istigh."

Sméid solas álainn gorm orthu ag iarraidh go rachaidís ar aghaidh. Ansin d'fholaigh an ceo an charraig os a gcionn agus tháinig siad amach i dtír álainn. Bhí boladh cumhra rósanna ar an aer fionnuar agus ag gluaiseacht thar bráid bhí abhainn ghléghlan a bhí ag lonradh le héisc órga agus airgid. Bhí eascanna scarlóideacha ag snámh go mall ar ghrinneall na habhann, splancacha gorma ag teacht astu, agus bhí póicíní locha agus dath oráiste orthu ar snámh ar uachtar an uisce. Bhí droichead de lása marmair sínte thar an uisce, ag dul i dtreo Oileán an Áthais agus Ghairdín an Domhain. D'ardaigh an Ghaoth Anoir an prionsa ar a lámha agus d'iompair sé trasna na habhann é. Bhí siad ar snámh i measc crainn áille pailme a bhí maisithe le bláthanna dathannacha agus le beangáin a bhí ar crochadh astu. Bhí éin a raibh cleití orthu mar thuar ceatha ina suí sna crainn agus na hamhráin ba bhinne dár chuala an prionsa riamh á gcanadh acu. Bhí leon agus tíogar ag súgradh le chéile mar a bheadh piscíní ar an bhféar thíos fúthu.

Tháinig sióg an ghairdín ina láthair, í gléasta i róbaí lonracha agus gnúis chaoin álainn uirthi. Threoraigh sí isteach ina pálás é agus bhí sé mar a bheifeá taobh istigh de pheitil bhlátha a bheadh ag lonradh. Agus bhí crann ina sheasamh i gceartlár halla mór millteach. Bhí a chuid géag ag lúbadh

agus iad luchtaithe le húlla órga. Ba é seo Crann na hAithne. Bhí braonacha dearga drúchta ag titim óna chuid duilleoga mar a bheadh deora fola ann.

"Isteach leat sa bhád," arsa an tsióg. "Ní ghluaiseann sé ach luascann go mall a fhad is a bhíonn an domhan ag sleamhnú thar bráid." Chonaic siad sléibhte agus a gcuid beanna faoi bhrat sneachta, foraoiseacha dorcha, teampaill ársa, bolcáin ag pléascadh, gaineamhlaigh ag dó agus fásaigh Artacha, agus chuala siad ainmhithe ag glaoch, ceol á sheinm agus glórtha ag canadh. Bhí ríméad ar an bprionsa nuair a las na Gealáin Thuaidh an spéir mar a bheadh taispeántas ollmhór de thinte ealaíne ann.
"An bhfuil cead agam fanacht anseo go deo? " a d'fhiafraigh sé. "Tá, ar choinníoll nach dteastaíonn úll na haithne uait," a d'fhreagair an tsióg. "Geallaim nach mbainfidh mé go deo leis an toradh ar Chrann na hAithne," a d'fhreagair an prionsa.

Athchóirithe as *The Garden of Paradise* le Hans Christian Andersen, Fairy Tales, Teapot Press Ltd., 2011.

## Déan dearadh do cheann amháin de na ceardaíochtaí seo a leanas:

### 1. Litreoireacht agus Peannaireacht

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Bileog fógraíochta do Shráidbhaile na Ceardaíochta Glaise bunaithe ar Shliocht A.

(b) Bileog eolais/léarscáil do thuras báid, bunaithe ar Shliocht B.

(c) Cuireadh chuig Gairdín an Domhain, bunaithe ar Shliocht C.

Is féidir íomhánna agus móitífeanna maisithe a bheith ann. Ní mór duit pointe tosaigh / réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

### 2. Líonóilghearradh agus Priontáil

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Dearadh faoin bhféile, bunaithe ar Shliocht A.

(b) Dearadh faoin turas ar an abhainn, bunaithe ar Shliocht B.

(c) Dearadh faoi thuras an phrionsa, bunaithe ar Shliocht C.

Ba chóir go mbeadh do dhearadh oiriúnach do phrionta a úsáideann **trí dhath ar a mhéad**. Cuir san áireamh na féidearthachtaí dearaidh a bhaineann le líne, cruth, contrárthacht agus uigeacht. Ní mór duit pointe tosaigh / réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

### 3. Fabraicphriontáil agus Baitíc

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Athphatrún bunaithe ar na híomhánna i Sliocht A.

(b) Taipéis bhalla bunaithe ar na droichid nó ar na loic atá luaite i Sliocht B.

(c) Taipéis bhalla a léiríonn an flóra agus an fána, bunaithe ar Shliocht C.

Ba chóir go mbeadh do dhearadh oiriúnach do bhlocphriontáil, do scáthlánphriontáil, do bhaitíc nó do phriontáil le stionsal. Úsáid dhá dhath ar a laghad i do dhearadh. Ní mór duit pointe tosaigh / réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

**4. Bróidnéireacht**

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Painéal bróidnithe i gcomhair seastán taispeána do cheardaí i Sliocht A.

(b) Taipéis bhalla bunaithe ar an turas atá luaite i Sliocht B.

(c) Píosa ealaíne inchaite, bunaithe ar na héin agus/nó ar na hainmhithe atá luaite i Sliocht C.

Ní mór duit sonraí na n-ábhar a d'úsáidfeá chun do dhearadh a dhéanamh a thabhairt. Ní mór duit pointe tosaigh / réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

**5. Fíodóireacht**

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Taipéis bhalla a bheadh oiriúnach don Ghailearaí Eolaíochta atá luaite i Sliocht A.

(b) Ruga a bheadh oiriúnach do bhád, bunaithe ar Shliocht B.

(c) Painéal bunaithe ar na dathanna agus ar na híomhánna faoi mar atá luaite i Sliocht C.

Ba chóir sonraí na n-ábhar atá le húsáid a thabhairt i do dhearadh. Ní mór duit pointe tosaigh / réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

**6. Criadóireacht**

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Píosa de dhealbhóireacht cheirmeach bunaithe ar an gceardaí as Sliocht A.

(b) Painéal rilífe bunaithe ar na radhairc atá luaite ar an turas i Sliocht B.

(c) Soitheach ceirmeach chun torthaí ó Chrann na hAithne a choinneáil ann, as Sliocht C.

Tabhair sonraí na dteicníochtaí atá le húsáid chun an píosa a dhéanamh. Ní mór duit pointe tosaigh / réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

**7. Puipéadracht**

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Eolaí óg ón nGailearaí Eolaíochta, bunaithe ar Shliocht A.

(b) Iascaire bunaithe ar Shliocht B.

(c) An tsióg atá luaite i Sliocht C.

Is féidir do dhearadh a dhéanamh do phuipéad miotógach, do phuipéad slaite nó do phuipéad ar iall. Ba chóir duit an chaoi a ndéanfar an puipéad a léiriú, agus sonraí a thabhairt maidir le hábhair, dath, maisiúchán agus bailchríoch. Ní mór duit pointe tosaigh / réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

**8. Leabharcheardaíocht**

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Comhad bosca chun earraí cuimhneacháin ón bhféile a choinneáil ann, bunaithe ar Shliocht A.

(b) Tiachóg do dhoiciméid chun léarscáileanna agus faisnéis a choinneáil ann, bunaithe ar an turas i Sliocht B.

(c) Fillteán chun íomhánna atá bunaithe ar an turas draíochta i Sliocht C a choinneáil ann.

Is féidir cruth ar bith a bheith ar do dhearadh agus ba chóir duit an chaoi a ndéanfar é a léiriú. Ní mór duit pointe tosaigh / réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

**9. Dearadh Fógraíochta**

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Clúdach do leabhar, bunaithe ar Shliocht A.

(b) Dearadh lógó do chomhlacht a thugann báid ar cíos, bunaithe ar Shliocht B.

(c) Póstaer i gcomhair scannáin dar teideal 'An Turas' bunaithe ar Shliocht C.

Ní mór duit litreoireacht a úsáid. Ní mór duit pointe tosaigh / réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

**10. Múnlóireacht agus Snoíodóireacht**

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Dealbhóireacht saorsheasaimh don bhealach isteach chuig an bhféile, bunaithe ar Sliocht A.

(b) Dealbhóireacht Saorsheasaimh do bhruacha abhainn na Sionainne, bunaithe ar Shliocht B.

(c) Plaic do dhoras phálás na sióige mar atá luaite i Sliocht C.

Ba chóir go léireodh do dhearadh sonraí na n-ábhar agus na dteicníochtaí a d'úsáidfí chun an píosa a dhéanamh. Ní mór duit pointe tosaigh / réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

**11. Seiteanna Stáitse**

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Seit stáitse do chur i láthair, bunaithe ar Shliocht A.

(b) Taispeántas fuinneoige do shiopa gléasra iascaireachta, bunaithe ar Shliocht B.

(c) Seit stáitse do sheó faisin, bunaithe ar Shliocht C.

Tabhair sonraí maidir le hábhair, dath agus soilsiú, maisíochtaí agus frapaí. Ní mór duit pointe tosaigh / réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2014**

# EALAÍN

## Ceardaíocht

Gnáthleibhéal

Tá 100 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 25% de na marcanna iomlána ar an Ealaín.

**Dé Luain, 28 Aibreán – Dé hAoine, 9 Bealtaine**

**Maidin, 9:30 – 12:00 Tráthnóna, 2:00 – 4:30**

Ba chóir an páipéar seo a thabhairt do na hiarrthóirí **Dé Máirt, 8 Aibreán**

### Treoracha

Tá cead agat do bhileog A2 d'obair ullmhúcháin (**bileog amháin**) a thabhairt isteach sa scrúdú mar chúnamh duit i bpróiseas forbartha do dhearaidh. Ní mór do do mhúinteoir ealaíne nó don phríomhoide an bhileog seo a shíniú agus dáta a chur léi **sula dtosaíonn** an scrúdú, á dheimhniú gurb í do chuid oibre féin gan chúnamh atá ann.

**Níl cead agat** íomhánna rianaithe ná obair ealaíne réamhullmhaithe a thabhairt isteach sa scrúdú seachas an méid atá sonraithe do na ceisteanna ceardaíochta ar leith.

Ceadaítear úsáid a bhaint as aon ábhar ceardaíochta agus as aon uirlis atá oiriúnach chun riachtanais an scrúdaithe a chomhlíonadh.

Ní cheadaítear ábhair orgánacha mheatacha a úsáid.

Scríobh **do scrúduimhir agus an leibhéal** ar gach bileog, agus ar an lipéad ceardaíochta atá curtha ar fáil.

Scríobh **uimhir na ceiste** a roghnaigh tú agus **an teideal** ar gach bileog agus ar an lipéad ceardaíochta atá curtha ar fáil.

## Céim 1: Bileog d'Obair Ullmhúcháin (TAIGHDE)

Do chuid **taighde** is cóir a bheith ar an mbileog A2 seo d'obair ullmhúcháin agus is cóir duit sin a dhéanamh roimh an scrúdú. Is ceart rogha a bheith anseo de na léirthuiscintí a bhaineann tusa go pearsanta as an gceist a roghnaigh tú, agus smaointe faoin gceist a ndearna tú taighde orthu. Is féidir nótaí a chur leis an obair. Bíodh an obair ar fad ar thaobh amháin den bhileog A2. Má roghnaíonn tú úsáid a bhaint as íomhánna nó íomhánna a gearradh amach, chomh maith le líníocht le peann luaidhe, le peann, le péint nó le hobair cholláise, etc., ní mór íomhánna dá leithéid **a ghreamú go cothrom** ar do bhileog A2 de sceitsí ullmhúcháin.

## Céim 2: Bileog Réamhsceitsí (FORBAIRT) (10 marc)

Cuireann tú do bhileog A2 de réamhsceitsí i gcrích le linn an scrúdaithe. Bileog **forbartha** atá anseo inar chóir na smaointe atá ar do bhileog de sceitsí ullmhúcháin **a fhorbairt.** Ba chóir go mbreithneofá gnéithe den dearadh 2T nó 3T mar a oireann don cheist a roghnaigh tú agus fianaise a bheith ann ar **fhorbairt shuntasach bhreise** ar na smaointe seo. **Níor chóir an obair a chuirtear i láthair ar do bhileog réamhsceitsí a chóipeáil díreach ón mbileog d'obair ullmhúcháin.** Is ceadmhach sceitsí a bhfuil nótaí leo a úsáid chun forbairt na smaointe a léiriú agus tagairt ar leith a dhéanamh do na dálaí amhairc, feidhmiúla agus ábhartha a bhaineann leis an gceist atá roghnaithe agat. Chomh maith leis na sceitsí d'fhorbairt na smaointe, ba chóir an dearadh atá i gceist agat a dhéanamh sa cheardaíocht atá roghnaithe agat a thaispeáint. **Ní mór duit oibriú go díreach ar do bhileog A2 agus úsáid a bhaint as sceitsí amháin, agus iad daite más mian leat**. Bíodh do chuid oibre ar fad ar thaobh amháin den bhileog A2.

## Céim 3: Ceardaíocht Chríochnaithe (90 marc)

Déantar do phíosa ceardaíochta le linn an ama a cheadaítear sa scrúdú. Ba chóir tagairt don chiorclán **S27/14** mar a bhfuil na treoracha ar leith a bhaineann le gach ceist ar leith.

***Ag deireadh an scrúdaithe tabharfar clúdach trédhearcach ceardaíochta duit ina gcaithfidh tú na nithe seo a leanas a chur:***

- do bhileog A2 d'Obair Ullmhúcháin
- do bhileog A2 de Réamhsceitsí
- aon ní nó nithe eile (má shonraítear iad sa cheist a d'fhreagair tú)
- do phíosa ceardaíochta críochnaithe, más píosa déthoiseach é.

Más ceardaíocht thríthoiseach a dhéanann tú, is cóir í a chur anuas ar do chlúdach ceardaíochta séalaithe agus an lipéad cuí greamaithe di.

## Freagair ceann amháin díobh seo a leanas:

## 1. Leabharcheardaíochtaí

Dear agus déan fillteán faoi choinne nótaí. Ba chóir don dearadh deiridh a bheith oiriúnach do cheann **amháin** díobh seo a leanas:

(a) seó cócaireachta ar an teilifís

(b) ceoltóir sráide

(c) mac léinn ealaíne.

Ní mór don fhillteán críochnaithe feidhmiú agus meicníocht dúnta a bheith ann.
Uasmhéid: 40 cm ar an toise is mó.

**Ábhair:** meascán páipéar, cárta, ábhair cheangail, naisc, péinteanna, dúigh, ábhair cholláise, greamachán agus uirlisí cuí.

## 2. Peannaireacht

Dear agus déan píosa peannaireachta bunaithe ar Théacs (a**) nó** ar Théacs (b). Ní mór **ceithre líne ar a laghad a scríobh as an téacs** a roghnaíonn tú. Tá cead agat cur chuige traidisiúnta agus/nó nua-aimseartha peannaireachta a úsáid i do chuid oibre. Tá cead agat colláis, meáin mheasctha nó teicníocht chuí ar bith eile a úsáid.

**Téacs (a)**

Féadann tú cuairteanna do-áirithe a thabhairt ar an gcathair seo nó féadann tú cur fút anseo ar feadh na mblianta agus fós féin bainfidh a solas iontach, a dathanna (dearga boga, ócair, agus oráistí) measctha leis an measbhán agus le liath na ndroichead marmair atá thar an abhainn lúbach, a tithe agus a páirceanna *Renaissance* faoi scáth na gcrann, a spéirlíne de chruinneacháin agus de *campanilli*, bainfidh siad an anáil díot. Is iontais suthaine iad an Paintéón, an Colasaem, an Campidoglio ag dul faoi na gréine agus Fóram na Róimhe i solas íseal na hiarnóna. Sna céadta bliain atá imithe tharainn bhí an chathair seo ina ceann scríbe ag aon duine a raibh spéis aige sa stair agus ómós aige do chumais ealaíonta an duine. Is mar sin a bheidh sí sna céadta atá fós le teacht.

*Arna chóiriú as,*
*National Geographic, Traveller Rome,*
*Second Edition, Washington DC.*
*Sari Gilbert and Michael Brouse.*

**Téacs (b)**

'Tá dearmad déanta ar an ngairdín seo ag an Earrach,' a dúirt siad, 'mar sin cuirfimid fúinn anseo le linn na bliana ar fad.' Chlúdaigh an sneachta an féar lena chlóca mór bán agus phéinteáil an Sioc na crainn ar fad ar dhath an airgid. Ansin thug siad cuireadh don Ghaoth Aduaidh teacht agus fanacht leo, agus tháinig sí. Fillte i bhfionnadh a bhí sí agus chaith sí an lá ar fad ag búireadh timpeall an ghairdín agus ag séideadh síos potaí na simléar. 'Áit aoibhinn í seo,' a dúirt sí. 'Caithfimid iarraidh ar na Clocha Sneachta teacht ar cuairt orainn.' Agus mar sin tháinig na Clocha Sneachta. Chleatráil siad ar dhíon an chaisleáin ar feadh trí huaire an chloig gach lá go dtí go raibh formhór na sclátaí briste acu, ansin rith siad timpeall agus timpeall an ghairdín chomh tapa agus ab fhéidir leo. Gléasta i liath a bhí siad agus oighear ar a n-anáil acu.
'Ní thig liom a thuiscint cén fáth a bhfuil an tEarrach chomh déanach sin ag teacht,' arsa an Fathach Leithleach, é suite ag an bhfuinneog ag amharc amach ar a ghairdín fuar bán. 'Tá súil agam go mbeidh athrú ar an aimsir.'

*Arna chóiriú as 'An Fathach Leithleach' le hOscar Wilde. Leabhair Octopus, Londain, 1980.*

**Ábhair:** dromchla oiriúnach don obair pheannaireachta - **uasmhéid A2**; meascán ábhar do cholláis, dúigh, péinteanna, pinn litreoireachta, scuaba, marcóirí peannaireachta, rialóir, crosbhacairt, etc. Más mian leat oibriú ar bhileog seachas an ceann a thugtar duit, **ní mór don fheitheoir an bhileog seo a shíniú sula dtosaíonn an scrúdú**, **á dheimhniú nach raibh aon rud uirthi**.

## 3. Póstaer

Dear agus déan póstaer do cheann **amháin** díobh seo a leanas:

(a) Ceant Seandachtaí

(b) Taispeántas Picasso

(c) Féile Siúil

**nó**

Dear agus déan bileoigín eolais chun sorcas taistil a phoibliú.

Níor chóir do do shaothar a bheith níos mó ná A2 ar an toise is mó. Ní mór duit litreoireacht a bheith san áireamh i do shaothar críochnaithe. Ní mór **leagan amach agus spásáil na litreoireachta a dhéanamh le linn an scrúdaithe**. Is ceadmhach stionsal den aibítir (litreacha indibhidiúla amháin) atá gearrtha agat féin, a úsáid. Ba chóir an stionsal féin a chur isteach freisin.

**Ábhair:** rialóir, crosbhacart, páipéir cholláise, cárta, ábhair uigeacha, scuaba, greamachán, dúigh, péinteanna, aon mheán eile a thriomaíonn go tapa, etc.

Más mian leat oibriú ar bhileog seachas an ceann a thugtar duit, **ní mór don fheitheoir an bhileog seo a shíniú sula dtosaíonn an scrúdú, á dheimhniú nach raibh aon rud uirthi**.

## 4. Fíodóireacht

Freagair (a) **nó** (b):

(a) Dear agus figh taipéis bhalla bunaithe ar shaol na mara.

(b) Dear agus figh cás le haghaidh fón cliste a bheadh oiriúnach le tabhairt leat ar fhéile cheoil.

Úsáid ábhair agus teicníochtaí éagsúla san inneach. Úsáid dath, cruth, uigeachtaí agus patrún chun barr feabhais a chur ar do shaothar.

**Ábhair:** dlúth a ullmhaíodh roimh ré ar sheol nó ar fhráma; éagsúlacht snátha, olla agus ábhar solúbtha atá oiriúnach don fhíodóireacht.

## 5. Blocphriontáil

Dear agus déan prionta bunaithe ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

(a) bláthanna agus duilliúr

(b) meaisíní eitilte

(c) bréagáin pháistí.

Ba chóir go mbeadh toisí 15cm × 20cm ar a laghad i do phrionta críochnaithe. Is ceadmhach dearadh a dhéanamh do phrionta aondathach **nó** do phrionta a mbeidh dhá dhath ar a laghad air. Ba chóir cineálacha éagsúla gearrthacha a úsáid i do shaothar.

**Ábhair:** píosa(í) líonóile nó blo(i)c adhmaid (ag brath ar cé acu modh laghdaitheach nó bloc ar leith do gach dath a bheidh á úsáid agat) nach bhfuil níos lú ná 20cm × 15cm; páipéar rianaithe, páipéar priontála, dúigh phriontála intuaslagtha in uisce a thriomaíonn go tapa, uirlisí gearrtha agus priontála, etc.

**N.B.** *Má tá do chuid priontaí fliuch fós ag deireadh an scrúdaithe, clúdaigh go cúramach le plaisteach trédhearcach iad sula gcuireann tú sa chlúdach ceardaíochta iad. Ba chóir do bhlo(i)c líonóile (agus plaisteach mórthimpeall air/orthu) a chur isteach freisin, chomh maith le do chuid rianuithe.*

## 6. Puipéadracht

Dear agus déan puipéad miotógach **nó** puipéad slaite **nó** puipéad ar iall bunaithe ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

(a) Neiptiún - Dia na mara

(b) banfhoghlaí mara

(c) mairnéalach.

Ba chóir go mbeadh an puipéad oiriúnach do léirithe iomadúla. Níor chóir go mbeadh cabhail do phuipéid níos mó ná 100cm ar an toise is mó. **Ní mór na héadaí agus na hoiriúintí a dhéanamh le linn an scrúdaithe. Caithfear na baill choirp uile a chur le chéile, a dhathú agus a mhaisiú le linn an scrúdaithe.**
**Ábhair:** fabraic, snáithe, ábhair uigeacha éagsúla, péinteanna, etc; bunchruth na miotóige agus an fhuáil déanta, an bhunchabhail déanta as cúr-rubar, *papier maché* nó ábhair éadroma eile.

## 7. Scáthlánphriontáil

Dear agus déan prionta bunaithe ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

(a) tae beag (tae san iarnóin)

(b) féasta meánaoiseach

(c) béilí 'beir leat'

Is ceadmhach priontáil ar chúlra de do rogha féin atá oiriúnach don dearadh. Níor chóir go mbeadh do phrionta críochnaithe níos mó ná 100cm ar an toise is mó.
**Ábhair:** fabraic, scáthláin, ábhar stionsail, dúigh phriontála, cuimleoirí, téip chumhdaigh, etc.

## 8. Teicstílí Lámhphriontáilte

Dear agus priontáil athphatrún ar phíosa fabraice nach bhfuil níos mó ná 100cm ar an toise is mó. Bunaigh do dhearadh ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

(a) búitíc seanré

(b) siopa earraí leictreachais

(c) siopa peataí.

Ba chóir forphriontáil a bheith san áireamh i do dhearadh. Ní mór duit aird a thabhairt ar ghluaiseacht, ar shreabhadh agus ar nascacht.
**Ábhair:** fabraic, scáthláin, ábhar stionsal, bloic, ruaimeanna, dúigh, etc.

## 9. Baitíc

Dear agus déan baitíc bunaithe ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

(a) fálta sceach

(b) an cladach

(c) páirceanna agus sráideanna.

**Ba chóir do bhaitíc a thumadh go hiomlán uair amháin ar a laghad le linn an phróisis**. Níor chóir lámhphéinteáil a dhéanamh ach amháin ar réimsí beaga mionsonraí. Níor chóir go mbeadh do bhaitíc níos mó ná 100cm ar an toise is mó.
**Ábhair:** fabraic oiriúnach do bhaitíc, céir, ruaimeanna, *tjanting*, scuaba, iarann, frámaí, etc.

## 10. Criadóireacht

Dear agus déan ceann **amháin** díobh seo a leanas:

(a) painéal rilífe bunaithe ar ghloine dhaite

(b) dealbhóireacht cheirmeach bunaithe ar an ailtireacht Ghotach

(c) mias riartha bunaithe ar ailtireacht Éireannach Réamh-Chríostaí.

**Ní mór duit do shaothar a bhácáil** agus ba chóir é a mhaisiú le hábhair oiriúnacha, e.g. sleamhnáin, glónraí agus ocsaídí. Ceadaítear am chun do shaothar a bhácáil agus a ghlónrú. Uasmhéid: 40cm ar an toise is mó.
**Ábhair:** cré a réamhullmhaíodh go cuí do do rogha teicníocht (roth- nó lámhdhéantús), trealamh cuí criadóireachta agus ábhair chuí.

## 11. Bróidnéireacht

Dear agus déan píosa de sheodra 'ráitis' bunaithe ar bheatha phlandúil
**nó**
Dear agus déan taipéis bhalla bunaithe ar cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) scátháin agus frithchaithimh

(b) fuinneoga

(c) doirse.

Úsáid trí ghreim éagsúla ar a laghad (greim láimhe agus/nó greim meaisín) agus teicníochtaí éagsúla, e.g. feiltiú, stuáil, obair phaistí, *appliqué*, etc. Uasmhéid: 50cm ar an toise is mó.
**Ábhair:** ábhair éagsúla, ina measc nithe aimsithe, fabraicí, snáitheanna bróidnéireachta, cnaipí, coirníní, ribíní, seacainí, sreang, *papier maché*, etc.

## 12. Snoíodóireacht Adhmaid / Snoíodóireacht

Dear agus déan saothar saorsheasaimh **nó** painéal maisiúil.
Bíodh do shaothar bunaithe ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

(a) fréamhacha

(b) an margadh

(c) do rogha ealaíontóir.

Uasmhéid: 40cm ar an toise is mó.
**Ábhair:** adhmad, plástar nó ábhar oiriúnach ar bith eile, bailchríocha cuí, uirlisí agus trealamh snoíodóireachta.

## 13. Miotalóireacht / Tógáil

Dear agus déan ceann **amháin** díobh seo a leanas:

(a) píosa d'ealaín inchaite

(b) coinnleoir

(c) dealbhóireacht saorsheasaimh dar teideal 'Gluaiseacht'.

Uasmhéid: 40cm ar an toise is mó.
**Ábhair:** ábhair chruanta, miotail do theicníochtaí tógála, uirlisí oiriúnacha.

## 14. Múnlóireacht

Dear agus múnlaigh píosa dealbhóireachta lánchumtha **nó** i bhfoirm rilífe, bunaithe ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

(a) an mac léinn

(b) ar leasluí agus ag ligean scíthe

(c) cosaint.

Uasmhéid: 40cm ar an toise is mó.
Is ceadmhach armatúir agus boinn a thabhairt leat isteach sa scrúdú. **Ní mór an saothar múnlóireachta a dhéanamh le linn an scrúdaithe. Níor chóir do shaothar a bhácáil ná a ghlónrú.**

**Ábhair:** is ceadmhach na múnlaí a dhéanamh as cré, as cré a thriomaíonn go tapa, as marla nó as ábhair ar bith eile atá oiriúnach do theicníochtaí múnlóireachta.

Leathanach Bán

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2014**

# EALAÍN

Sceitseáil Bheo-Ábhair

Gnáthleibhéal

Tá 50 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 12.5% den mharc iomlán ar an Ealaín

**Dé Luain, 28 Aibreán – Dé hAoine, 9 Bealtaine    Tráthnóna, 2:00 – 3:00**

Tá an páipéar seo le tabhairt do na hiarrthóirí **Dé Máirt, 8 Aibreán**

## Treoracha do na Múinteoirí Ealaíne agus do na Feitheoirí

Dhá sceitse den chuspa atá sa scrúdú. Staidiúir a mhairfidh cúig nóiméad déag atá sa chéad sceitse. Líníocht a mbeidh bailchríoch níos iomláine uirthi de staidiúir a mhairfidh timpeall tríocha nóiméad atá sa dara sceitse.

**Tá na frapaí seo a leanas ag teastáil:**

- **cás peann luaidhe don chéad staidiúir**
- **ríomhaire táibléid don dara staidiúir.**

Beidh cead ag an gcuspa idir deich nóiméad agus cúig nóiméad déag a ghlacadh mar thréimhsí sosa le linn an scrúdaithe. Socrófar iad mar a iarrtar iad. Tá na tréimhsí sosa san áireamh san uair an chloig san iomlán atá ceadaithe don scrúdú.

Tá cead ag iarrthóirí leanúint orthu ag obair ar a gcuid líníochtaí le linn thréimhsí sosa an chuspa agus le linn an tsosa idir na staidiúirí.

Níl cead níos mó ná deichniúr iarrthóirí a bheith le haon chuspa amháin agus iad i mbun líníochta. Más mian leo, tá cead ag iarrthóirí suí níos cóngaraí don chuspa le linn an dara staidiúir.

## Treoracha do na hiarrthóirí

Ní mór duit **dhá** líníocht a dhéanamh den chuspa mar seo a leanas:

(a) Staidiúir 15 nóiméad a bhfuil cur síos uirthi sa scrúdpháipéar seo a bheidh sa chéad cheann, **(a) An Chéad Staidiúir,** agus ní mór líníocht den fhíor iomlán a tharraingt.

(b) Líníocht a mbeidh bailchríoch níos iomláine uirthi den staidiúir a bhfuil cur síos uirthi sa scrúdpháipéar seo, a bheidh sa dara ceann, **(b) An Dara Staidiúir.** 30 nóiméad a mhairfidh an staidiúir. Tá cead agat an fhíor iomlán **nó** an cloigeann agus na guaillí / leathfhíor a roghnú.
N.B. Má roghnaíonn tú an cloigeann agus na guaillí / an leathfhíor a dhéanamh, meabhraítear duit **nach leor** an cloigeann agus an muineál amháin a tharraingt. Ní mór duit an staidiúir a tharraingt mar atá sí socraithe agus an cloigeann, an muineál, na guaillí, uachtar na ngéag agus uillinneacha ar a laghad a bheith san áireamh.

- Ní mór duit an líníocht a tharraingt ó bheith ag breathnú go díreach ar an gcuspa (radharc díreach ar an aghaidh nó ón taobh).
- Tá cead agat leanúint ort ag obair ar do líníocht le linn thréimhsí sosa an chuspa agus le linn an tsosa idir na staidiúirí.
- Méid an pháipéir: A2. Ná hathraítear méid an leathanaigh A2.
- Más mian leat páipéar eile a úsáid seachas an páipéar a sholáthraítear, ní mór don fheitheoir an bhileog pháipéir sin a shíniú **sula dtosaíonn** an scrúdú á dheimhniú nach bhfuil aon rud uirthi.
- Ní mór bileog ar leith a úsáid do gach staidiúir.
- Scríobh do scrúduimhir agus leibhéal an scrúdaithe go soiléir ar gach bileog.
- Tá cead agat aon mheán oiriúnach líníochta a úsáid, dath san áireamh. Ní mór don mheán a roghnaíonn tú triomú go tapa, áfach.
- Tá cead agat breacléiriú a thabhairt ar an gcúlra.
- **Ná déan do shaothar críochnaithe a bhearradh ná a fheistiú.**

## (a) An Chéad Staidiúir – Fad ama 15 nóiméad (20 marc)

**Tá an cuspa ina s(h)easamh agus**

- na cosa go daingean ar an talamh
- an chos dheas chun tosaigh beagán, meáchan an choirp anuas ar an gcos chlé
- an lámh chlé sa phóca chlé i seaicéad nó i mbríste/sciorta
- géag na láimhe deise thíos le taobh na láimhe deise den chorp
- cás peann luaidhe sa lámh dheas
- an aghaidh ag féachaint díreach chun tosaigh.

## (b) An Dara Staidiúir – Fad ama 30 nóiméad (30 marc)

**Tá an cuspa ina s(h)uí ceartdíreach ar chathaoir agus**

- na cosa go daingean ar an talamh agus dírithe chun tosaigh
- ríomhaire táibléid ar a g(h)lúine, greim ag an gcuspa air leis na lámha, na hordóga le feiceáil agus na méara faoin táibléad
- an cloigeann ag féachaint síos ar an ríomhaire táibléid.

Leathanach Bán

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2014

# EALAÍN

## Stair agus Léirthuiscint na hEalaíne

Gnáthleibhéal

Tá 150 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 37.5% de na marcanna iomlána ar an Ealaín

**Déardaoin, 12 Meitheamh** **Tráthnóna, 2:00 – 4:30**

## Treoracha

Freagair **trí** cheist mar seo a leanas: ceist amháin as Roinn I (An Ealaín in Éirinn), ceist amháin as Roinn II (Ealaín na hEorpa 1000 AD - An Lá Inniu) agus ceist amháin as Roinn III (Léirthuiscint na hEalaíne).

Tá na ceisteanna uile ar cómharc (50).

Ba chóir sceitsí agus léaráidí a úsáid de réir mar is cuí chun do chuid pointí a léiriú.

Déan tagairt, de réir mar a chuirtear sin in iúl, do ***na léaráidí atá ar an mbileog a ghabhann leis an bpáipéar seo***.

# Roinn I – An Ealaín in Éirinn

**1.** Is sampla de mhiotalóireacht Éireannach ón gCré-umhaois é an luanla atá ***léirithe ar an mbileog leis seo***.
Freagair (a), (b), agus (c).
(a) Cén fheidhm a bhí aige?
(b) Déan cur síos agus plé ar an earra seo faoi na ceannteidil seo a leanas:
- an chaoi a ndearnadh é
- maisiúchán.

(c) Sceitseáil píosa miotalóireachta **amháin** eile ón gCré-umhaois agus déan cur síos achomair air.
*Léirigh do fhreagra.*

**2.** Is sampla é de ghallán cloiche ón ré Luath-Chríostaí é "**Cloch an Réisc**", Co. Chiarraí, atá ***léirithe ar an mbileog leis seo***.
Freagair (a), (b), agus (c).
(a) Cén fheidhm a bhí aige?
(b) Déan cur síos agus plé ar a fhoirm agus ar an maisiúchán air.
(c) Ainmnigh snoíodóireacht chloiche **amháin** eile ón ré Luath-Chríostaí agus déan cur síos uirthi.
*Léirigh do fhreagra.*

**3.** Is sampla de mhiotalóireacht Éireannach ón Meánaois Luath í "**Dealg na Teamhrach**".
Freagair (a), (b), agus (c).
(a) Déan cur síos agus plé ar an saothar seo faoi na ceannteidil seo a leanas:
- foirm
- feidhm.

(b) Déan cur síos agus plé ar an maisiúchán ar Dhealg na Teamhrach.
(c) Ainmnigh sampla **amháin** eile de mhiotalóireacht Éireannach ó ré na Meánaoise Luaithe agus déan cur síos achomair air.
*Léirigh do fhreagra.*

**4.** Tá "**Siombailí an cheathrar Soiscéalaithe**" as Leabhar Cheanannais ***léirithe ar an mbileog leis seo***.
Freagair (a), (b), agus (c).
(a) Déan cur síos agus plé ar cheann **amháin** de shiombailí na Soiscéalaithe ar an leathanach.
(b) Déan cur síos agus plé ar an maisiúchán teibí ar an leathanach iomlán.
(c) Tabhair roinnt eolais ghinearálta faoi Leabhar Cheanannais.
*Léirigh do fhreagra.*

**5.** Is sampla d'ailtireacht Sheoirseach in Éirinn é an **Casino i Marino**.

Freagair (a), (b), agus (c).

(a) Ainmnigh ailtire an Casino i Marino.

(b) Déan cur síos agus plé ar struchtúr an fhoirgnimh seo.

(c) Déan cur síos agus plé achomair ar ghné inmheánach amháin **agus** ar ghné sheachtrach amháin den fhoirgneamh.

*Léirigh do fhreagra.*

**6.** Tá an pictiúr "**Bailiú Úll, Quimperlé**" le Walter Osborne (1859-1903) ***léirithe ar an mbileog leis seo***.

Freagair (a), (b), agus (c).

(a) Déan cur síos agus plé ar chomhdhéanamh agus ar stíl an phictiúir.

(b) Cad atá i gceist sa phictiúr seo, dar leat? Tabhair cúiseanna le do fhreagra.

(c) Ainmnigh pictiúr fíorach **amháin** le healaíontóir Éireannach eile a ndearna tú staidéar air agus déan cur síos achomair ar an bpictiúr sin.

*Léirigh do fhreagra.*

**7.** Roghnaigh saothar le duine **amháin** de na healaíontóirí seo a leanas:

- Jack B. Yeats (1871-1957)
- Seán Keating (1889-1977)
- Louis le Brocquy (1916-2012)
- Pauline Bewick (r.1935)
- Brian Bourke (r.1936)
- Rowan Gillespie (r.1953)
- Alice Maher (r.1956).

Freagair (a), (b), agus (c).

(a) Ainmnigh an saothar a roghnaigh tú.

(b) Déan cur síos agus plé ar an saothar a roghnaigh tú faoi na ceannteidil seo a leanas:

- comhdhéanamh **nó** foirm
- teicníochtaí agus úsáid comhábhar
- ábhar.

(c) Tabhair roinnt eolais mar gheall ar an ealaíontóir a roghnaigh tú.

*Léirigh do fhreagra.*

## Roinn II – Ealaín na hEorpa (1000 AD – An Lá Inniu)

**8.** Freagair (a) agus (b).

(a) Ainmnigh eaglais Rómhánúil ar bith a bhfuil staidéar déanta agat uirthi. Déan cur síos agus plé uirthi faoi na ceannteidil seo a leanas:

- an plean iomlán
- gnéithe seachtracha
- gnéithe inmheánacha.

(b) Déan cur síos agus plé ar an bpríomhfheidhm a bhí ag an dealbhóireacht Rómhánúil.

*Léirigh do fhreagra.*

**9.** Tá "**An Tríonóid Naofa**" le Masaccio (1401-c.1428) ***léirithe ar an mbileog leis seo***.

Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos agus plé ar an saothar faoi na ceannteidil seo a leanas:

- comhdhéanamh / peirspictíocht
- dath(anna)
- ábhar.

(b) Ainmnigh saothar **amháin** eile le Masaccio agus déan plé achomair ar an saothar sin.

*Léirigh do fhreagra*.

**10.** Tá "**An Pietà**" le Michelangelo (1475-1564) ***léirithe ar an mbileog leis seo***.

Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos agus plé ar an saothar faoi na ceannteidil seo a leanas:

- bunábhair agus teicníochtaí a bhí in úsáid
- an comhdhéanamh agus láimhseáil na fíorach daonna
- ábhar.

(b) Ainmnigh saothar **amháin** eile le Michelangelo agus déan plé achomair ar an saothar sin.

*Léirigh do fhreagra*.

**11.** Tá "**Na Scáthanna Fearthainne**" le Pierre-Auguste Renoir (1841-1919) ***léirithe ar an mbileog leis seo***.

Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos agus plé ar an saothar faoi na ceannteidil seo a leanas:

- comhdhéanamh
- dath(anna) agus stíl
- ábhar / téama.

(b) Tabhair roinnt eolais ghinearálta mar gheall ar Renoir.

*Léirigh do fhreagra.*

**12.** Roghnaigh saothar ar bith le Paul Cézanne (1839-1906) a bhfuil staidéar déanta agat air. Freagair (a) agus (b).

(a) Ainmnigh an saothar a roghnaigh tú. Déan cur síos agus plé ar an saothar sin faoi na ceannteidil seo a leanas:

- comhdhéanamh
- dath(anna) agus stíl
- ábhar / téama.

(b) Tabhair roinnt eolais ghinearálta mar gheall ar Cézanne.

*Léirigh do fhreagra.*

**13.** Tá "**Meiteamorfóis Nairciseas**" le Salvador Dali (1904 -1989) ***léirithe ar an mbileog leis seo***. Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos agus plé ar an saothar seo faoi na ceannteidil seo a leanas:

- comhdhéanamh
- stíl agus úsáid datha(nna)
- ábhar / téama.

(b) Tabhair roinnt eolais mar gheall ar an Osréalachas.

*Léirigh do fhreagra.*

**14.** Roghnaigh ceann **amháin** de na saothair seo a leanas agus freagair (a) agus (b).

- "**Portráid de Mhuintir Arnolfini**" le Van Eyck (a d'éag 1441)
- "**Mona Lisa**" le Da Vinci (1452-1519)
- "**Cailín agus Fáinne Cluaise Péarla**" le Vermeer (1632 -1675)
- "**Bás Marat**" le Jacques Louis David (1748-1825)
- "**Guernica**" le Picasso (1881-1973).

(a) Déan cur síos agus plé ar an saothar a roghnaigh tú faoi na ceannteidil seo a leanas:

- comhdhéanamh
- dath(anna) agus stíl
- ábhar / téama.

(b) Ainmnigh saothar **amháin** eile leis an ealaíontóir a roghnaigh tú agus déan cur síos agus plé achomair ar an saothar sin.

*Léirigh do fhreagra.*

# Roinn III - Léirthuiscint na hEalaíne

**15.** Freagair (a) agus (b).

(a) Ainmnigh scannán atá feicthe agat agus déan plé air sin faoi na ceannteidil seo a leanas:

- suíomh / seiteanna scannáin
- feisteas / smideadh
- obair cheamara
- éifeachtaí speisialta.

(b) Déan cur síos agus plé ar radharc **amháin** as an scannán a roghnaigh tú agus mínigh cén fáth ar cheap tú go raibh sé spéisiúil ó thaobh an amhairc de.

*Léirigh do fhreagra.*

**16.** Freagair (a) agus (b).

(a) Ainmnigh gailearaí, músaem, ionad ceardaíochta, nó ionad léirmhíniúcháin ar thug tú cuairt air.

**agus**

Déan cur síos agus plé ar an gcaoi inar cuireadh an taispeántas a chonaic tú ansin i láthair.

(b) Déan cur síos ar an déantúsán ba mhó a thaitin leat agus tú ar cuairt ann, agus mínigh cén fáth ar cheap tú go raibh sé spéisiúil.

*Léirigh do fhreagra.*

**17.** Is minic a bhíonn taispeántas fuinneoige i siopa an-éifeachtach chun earraí a dhéanamh tarraingteach don tomhaltóir.

Freagair (a) agus (b), agus tú ag tagairt don taispeántas fuinneoige atá ***léirithe ar an mbileog leis seo***. Siopa éadaí é seo.

(a) Cad iad na gnéithe den taispeántas fuinneoige seo a dhéanann éifeachtach é, dar leat? Bain úsáid as na ceannteidil seo a leanas i do fhreagra:

- comhdhéanamh
- dath(anna)
- téama.

(b) Déan cur síos agus plé ar na príomhghnéithe d'aghaidh siopa, seachas an taispeántas fuinneoige, a dhéanann aghaidh an tsiopa tarraingteach ó thaobh an amhairc de.

*Léirigh do fhreagra.*

**18.** Tá "**Córas Uimh. 30**" le Julian Wild ***léirithe ar an mbileog leis seo***.

Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos agus plé ar an saothar sin faoi na ceannteidil seo a leanas:

- cruth agus foirm
- bunábhair
- coibhneas na dealbhóireachta lena timpeallacht.

(b) Mol dóigheanna a bhféadfaí soilsiú a úsáid chun an saothar a mhaisiú. Tabhair cúiseanna le do fhreagra.

*Léirigh do fhreagra.*

**19.** Is féidir uigeacht, dath(anna), móitífeanna, nó múrmhaisiú a úsáid ar ghnébhalla le ráiteas láidir dearaidh a dhéanamh i spás ar leith.
Freagair (a) agus (b).

(a) Mol dearadh a bheadh oiriúnach do ghnébhalla i gceann **amháin** de na spásanna seo a leanas:

- forhalla nó ionad fáiltithe ar láthair cheolchoirme
- seomra leapa déagóra
- an halla isteach i linn snámha.

Tabhair fáthanna le do chinntí dearaidh.

(b) Luaigh dóigh a ndéanfá cinnte go mbeadh an ghnébhalla ag réiteach leis an gcuid eile den spás.

*Léirigh do fhreagra.*

**20.** Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos agus plé ar na gnéithe a bhaineann le portráid éifeachtach ghrianghrafadóireachta.

(b) Déan cur síos agus plé ar bhogearraí eagarthóireachta le haghaidh grianghraf **nó** ar fheidhmchlár (aip) le grianghraif a chur in eagar. Tabhair **trí** shampla den dóigh a dtig leis grianghraf a athrú nó tionchar a bheith aige air.

*Léirigh do fhreagra.*

**21.** Is minic a úsáidtear T-léinte chun táirgí, seirbhísí, agus imeachtaí a chur chun cinn agus a fhógairt.
Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos agus plé ar thréithe T-léine a bheadh deartha go maith agus a dhéanfadh táirge a chur chun cinn.

(b) Mol dearadh do T-léine le haghaidh ceann **amháin** díobh seo a leanas:

- siúlóid charthanachta
- féile shráide
- margadh feirmeoirí.

Tabhair fáthanna le do roghanna dearaidh.

*Léirigh do fhreagra.*

Leathanach Bán